Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Ullmhacht i gcomhair éigeandála

[tuairim féintionscnaimh]

(2023/C 75/03)

Rapóirtéir: **Paul RÜBIG**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	24.2.2022
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
Rannóg atá freagrach	An Margadh Aonair, Táirgeacht agus Tomhaltas
Dáta a glactha sa rannóg	7.10.2022
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	26.10.2022
Seisiún iomlánach Uimh.	573
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	184/8/9

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Tá Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach agus ar na Ballstáit plean a fhorbairt go práinneach chun neamhspleáchas/ceannasacht mhargadh aonair an Aontais a mhéadú go suntasach maidir le saoráidí giniúna fuinnimh, táirgeadh bia agus uisce agus mianadóireacht na n-amhábhar is gá, lena n-áirítear ceannasacht/neamhspleáchas i leith na dteicneolaíochtaí is gá. Ní mór an méid seo a leanas a chur san áireamh i gceannasacht/neamhspleáchas an Aontais: T&F, próiseáil ábhair, dearadh, monarú, suiteáil, tionscnamh agus cothabháil saoráidí faoi seach laistigh de mhargadh aonair an Aontais chun nach mbeidh bochtaineacht fuinnimh agus dífhostaíocht ann do shaoránaigh agus tomhaltóirí an Aontais. Tá an ullmhacht is éifeachtúla i gcomhair éigeandálaí bunaithe ar an athléimneacht, bíodh go mbaineann an athléimneacht sin le cúrsaí teicniúla nó cúrsaí sóisialta. Ba cheart feabhsuithe leanúnacha ar athléimneacht na gcóras fuinnimh i gcoinne bagairtí nádúrtha, bagairtí polaitiúla nó bagairtí eile a chomhtháthú i ngach beartas fuinnimh.

1.2. Molann CESE don Aontas bearta gearrthéarma a shainiú maidir le saoráidí a thógáil i gcomhair táirgeadh fuinnimh laistigh de mhargadh aonair an Aontais ar bhonn práinne chun sprioc an Aontais maidir le neamhspleáchas/ceannasacht a bhaint amach.

1.3. Measann CESE gur féidir ganntanais fuinnimh fhorleathana agus fhadtréimhseacha san Eoraip a chosc trí na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh:

— an oscailteacht teicneolaíochta a chur chun cinn (maidir le táirgeadh fuinnimh agus feidhmeanna fuinnimh);

— margadh aonair fuinnimh na hEorpa a neartú agus a fhorbairt;

— feabhas a chur ar an gcomhar agus ar an gcomhordú le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis an Eoraip, chomh maith le comhar níos dlúithe le stáit chomharsanachta agus le stáit nach bhfuil san Aontas;

— beartas trádála uaillmhianach agus éagsúlú an tsoláthair a shaothrú;

— dul i ngleic le mímheaitseálacha lucht saothair;

— feabhsú cumarsáide agus múscailt feasachta;

— dlús a chur leis an nuálaíocht agus an digiteáil;

— rochtain ar airgeadas a éascú;

— infheistíochtaí imleora a áirithiú (chun an t-aistriú glas a éascú, etc.);

— a áirithiú go bhfuil na beartais réalaíoch. Mar shampla, i réimse an fhuinnimh agus na haeráide, ní mór athmheasúnú a dhéanamh ar an bpacáiste "Oiriúnach do 55" chun cothromaíocht a aimsiú idir na cuspóirí le haghaidh 2030 agus 2050 a bhaint amach agus conair a aimsiú tríd an aistriú sin a bheidh indéanta go heacnamaíoch agus go sóisialta. Ba cheart brabúis trádála astaíochtaí a úsáid chun caidhp phraghais ar ghás a mhaoiniú bunaithe ar innéacs Henry Hub sna Stáit Aontaithe agus chun infheistíocht a dhéanamh i saoráidí nua táirgthe fuinnimh laistigh den Aontas.

1.4. Ionas nach gá athmhachnamh a dhéanamh ar amlínte an Chomhaontaithe Ghlais agus d'fhonn beartais réadúla fuinnimh a chur chun feidhme, ba cheart a chur san áireamh sna roghanna agus sna nósanna imeachta um measúnú tionchair agus riosca maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip ní hamháin tionchar na mbeart ar an aeráid ach an tionchar a bheidh acu ar chumhacht cheannaigh thomhaltóirí an Aontais freisin, agus an tionchar ar iomaíochas gheilleagar an Aontais. Sa tslí sin, cosnófar poist san Aontas.

1.5. I bhfianaise a thromchúisí atá an ghéarchéim, tá CESE den tuairim nár cheart aon bhearta a chur as an áireamh mar fhreagairt ar an ngéarchéim seo.

1.6. Laistigh den tacar beart atá le déanamh, molann CESE plean SET AE (An Plean Straitéiseach Eorpach um Theicneolaíocht Fuinnimh) agus plean REPowerEU a chur chun feidhme mar chuid den fhreagairt, chun an méid seo a leanas a bhaint amach:

— éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus an chiorclaíocht a chur chun cinn;

— an plean REPowerEU a chur chun feidhme chun deireadh a chur le spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise ón Rúis;

— na háiseanna stórála gáis agus na hoibríochtaí athlíonta comhordaithe a mhéadú; faireachán a dhéanamh ar mhargaí leictreachais agus iad a bharrfheabhsú; infheistíochtaí a dhíriú ar chórais fuinnimh agus an nascacht sa gharchomharsanacht a fheabhsú trí ACER ([1]), BEREC, ENTSO-G ([2]), ENTSO-E ([3]) agus na pobail eolais agus nuálaíochta (PENanna) de chuid na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht maidir le fuinneamh *InnoEnergy*, amhábhair agus an mhonaraíocht, i bhfianaise an dul chun cinn atá déanta maidir le bonneagar hidrigine na hEorpa agus le stóráil hidrigine agus CO_2.

— B'fhiúntach an ní 1 000 gléasra táirgthe fuinnimh a chruthú san Aontas agus nós imeachta údaraithe 14 lá a chur i bhfeidhm chun tús láithreach a chur le hinfheistíochtaí trí 50 % de thacaíocht airgeadais an Aontais a bhunú ar ioncam trádála astaíochtaí.

1.7. Molann CESE tomhaltóirí a spreagadh agus tacú leo infheistíocht a dhéanamh ina dtáirgeadh agus ina n-éifeachtúlacht fuinnimh féin. Chuige sin, beidh feachtais faisnéise agus dreasachtaí cánach ag teastáil.

1.8. Ina theannta sin, creideann CESE gur cheart don Aontas bonneagar nua iompair a thógáil do tharchur fuinnimh agus acmhainní fuinnimh (píblíne ón Afraic Thuaidh go dtí an Spáinn) agus d'fhoinsí inathnuaite fuinnimh amhail hidrigin, bithmheatán agus amóinia (Campfire).

1.9. Mar fhreagairt ar an ngéarchéim, molann CESE tacar beart gearrthéarmach:

— foinsí eile a chosaint, go háirithe ola, gual, gás, úráiniam, uisce, bia agus beatha ainmhithe;

— pleananna agus coincheapa a fhorbairt chun fuinneamh a shábháil agus a chiondáil sna 27 mBallstát:

  — ba cheart tosaíochtaí soiléire a bheith ag an gciondáil, e.g. pleananna a shocrú maidir le ciondáil a dhéanamh ar fhuinneamh do thionscail dianfhuinnimh, agus comhaontuithe trádála nua EDT a chaibidliú ina bhfuil tosaíochtaí nua maidir le bia, beatha, uisce agus sláintíocht;

  — tús áite a thabhairt do stóráil agus soláthar gáis agus leictreachais le haghaidh ospidéal, cúram leighis, seirbhísí éigeandála agus cúram do dhaoine scothaosta agus leochaileacha;

([1]) Gníomhaireacht an Aontais um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh.
([2]) https://www.entsoe.eu/
([3]) https://www.entsoe.eu/

— rialacha a eisiúint chun leibhéil leordhóthanacha na stoc ola agus gáis a áirithiú;

— coigilt fuinnimh agus foinsí nua fuinnimh a chur chun cinn;

— cur le T&F an Aontais sa taighde fuinnimh, go háirithe i bhfoinsí fuinnimh malartacha, fuinneamh comhleá, stóráil fuinnimh, teicneolaíochtaí hidrigine agus amóinia, éifeachtúlacht fuinnimh na bpróiseas tionsclaíochta dianfhuinnimh, agus fearais tomhaltóirí;

— luathú na nósanna imeachta maidir le faomhadh an phobail a fháil do thionscadail nua a sholáthraíonn fuinneamh breise sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, amhail stáisiúin díluchtaithe hidrigine i gcalafoirt, i bpíblínte agus i saoráidí calafoirt an Aontais chun gás nádúrtha leachtaithe (GNL) a athghású;

— a iarraidh ar na gnólachtaí uile san Aontas a tháirgeann nó a sholáthraíonn táirgí agus seirbhísí a bhíonn ag teastáil i gcásanna éigeandála a soláthar éigeandála leictreachais a dhaingniú, a bpleananna éigeandála a nuashonrú agus seisiúin oiliúna éigeandála a eagrú go rialta, etc. (e.g. cuideachtaí a bhíonn ag plé leis an teileachumarsáid agus an chraoltóireacht, seirbhísí éigeandála, freastalaithe TF poiblí, agus soláthróirí leictreachais).

1.10. Anuas ar na bearta gearrthéarmacha, molann CESE tacar de bhearta meántéarmacha agus fadtéarmacha a thabhairt isteach freisin:

1.10.1. Tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún pleananna a fhorbairt agus tabhairt faoi na bearta agus na gníomhaíochtaí comhordaithe seo a leanas ar bhonn uile-Aontais:

— scoilteadh meatáin trí leictrealú/pirealú agus galmheatán a chur chun feidhme chun hidrigin agus carbón soladach a tháirgeadh;

— na cúltaiscí meatáin éagsúlaithe agus fadtéarmacha a úsáid mar amhábhar le haghaidh hidrigine (iompróir fuinnimh), agus carbóin, agus grinnscrúdú a dhéanamh ar na tairbhí a bhaineann leo mar fheabhsaitheoirí ithreach don talmhaíocht chun táirgeacht a mhéadú agus slándáil bia a fheabhsú;

— dlús ollmhór a chur le soláthar bonneagair chriticiúil fuinnimh, i.e simpliú agus sruthlíniú a dhéanamh ar rialacháin AE a chuireann moill ar bhonneagar criticiúil fuinnimh a sholáthar;

— Treoir Réime nua AE maidir le hUisce. Ní mór tús áite a thabhairt do sholáthar tapa fuinnimh;

— ní mór rialachán nua AE maidir le slabhraí soláthair a shimpliú. Ba cheart díriú ar sholáthar inbhuanaithe amhábhar agus earraí criticiúla chuig an Aontas a áirithiú, agus an méid sin a chaibidliú i gcomhaontuithe déthaobhacha trádála;

— slabhraí táirgeachta agus córais iompair a neartú chun suaití a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo maidir le hinfhaighteacht amhábhar criticiúil le haghaidh gnólachtaí (tionscail agus trádála) de chuid an Aontais a fhritháireamh;

— an spleáchas ar ábhair chriticiúla agus táirgí réamhdhéanta allmhairithe a laghdú;

— díriú ar cheannasacht/neamhspleáchas teicneolaíochta an Aontais;

— bonneagar líonraí cumhachta trasteorann a fhorbairt (380 kV nó níos mó);

— a áirithiú go mbeidh claochladáin á dtáirgeadh chun an voltas leictreachais a athrú (ard/íseal, AC/DC);

— tús a chur an athuair leis na mílte tionscadal maidir le táirgeadh fuinnimh a cuireadh ar an méar fhada leis na blianta (hidreachumhacht, cumhacht gheoiteirmeach, hidreastóráil, etc.) mar go raibh droch-chóimheas aisíoca ag baint leo (de bharr gás saor ón Rúis), nó de bharr bacainní maorlathacha;

— teicneolaíochtaí saothraithe nua a thaiscéaladh. Tá roinnt réigiún laistigh den Aontas Eorpach a bhfuil taiscumair gáis nádúrtha shubstaintiúla acu a d'fhéadfaí a eastóscadh trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí saothraithe nua atá á bhforbairt le déanaí ag ollscoileanna Eorpacha. I bhfianaise sprioc an Aontais maidir le ceannasacht/neamhspleáchas fuinnimh, ba cheart don Aontas breathnú go cúramach ar na nuatheicneolaíochtaí sin agus na réigiúin a spreagadh chun triail a bhaint astu;

— athmhachnamh a dhéanamh ar ghás/ola áitiúil, agus ar tháirgeadh leictribhreosla nuair is féidir agus nuair is gá, nó dlús a chur leis an táirgeadh atá ann cheana mar bheart gearrthéarmach.

1.10.2. Dlús a chur leis an ngairmoiliúint agus leis na scileanna gairmiúla do leictreoirí agus d'fheirmeoirí agus poist a chruthú i réimse na maoirseachta uisce.

1.10.3. Molann CESE go méadófaí líon na mac léinn ETIM (ETIM = Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Matamaitic) san Eoraip, ós rud é nach bhfuil athrú tagtha air le tamall fada agus go bhfuil méadú suntasach tagtha ar líon na mac léinn fisice, TFC agus innealtóireachta i dtíortha san Áise. Molann CESE tionscnaimh agus dreasachtaí a leagan síos chun líon na n-innealtóirí, na dteicneoirí agus na bpost ardteicneolaíochta san Eoraip a mhéadú chun a spriocanna maidir le ceannasacht/neamhspleáchas teicneolaíochta a bhaint amach.

1.10.4. Ar deireadh, measann CESE go bhfuil tábhacht ag baint le cumhacht ard cheannaigh a choinneáil do shaoránaigh agus tomhaltóirí an Aontais trí dhíriú ar cheannasacht/neamhspleáchas teicneolaíochta an Aontais agus, ar an gcaoi sin, spleáchas an Aontais ar allmhairí (allmhairí teicneolaíochta agus allmhairí fuinnimh) a laghdú agus líon na bpost ardteicneolaíochta a mhéadú san Eoraip.

1.11. D'fhonn achoimre a dhéanamh ar na conclúidí agus ar na moltaí, ní mór féachaint ar ord na dtosaíochtaí in aigne na dtomhaltóirí; an dtugtar tosaíocht go fóill don chomhshaol (agus praghsanna agus cinnteacht an tsoláthair dá leanúint) nó an dtugtar tosaíocht do chinnteacht an tsoláthair (agus praghsanna agus an comhshaol dá leanúint)?

2. **Barúlacha ginearálta**

2.1. Sainmhíniú ar "bhainistiú éigeandála": ciallaíonn "bainistiú éigeandála" na hacmhainní agus na freagrachtaí chun déileáil leis na gnéithe daonnúla uile d'éigeandálaí a eagrú agus a bhainistiú, i.e.:

— cosc;

— ullmhacht;

— freagairt;

— maolú;

— téarnamh.

2.2. Ní fios cá fhad a mhairfidh an cogadh brúidiúil sin san Úcráin, an mó bonneagair a scriosfar, nó cé mhéad milliún dídeanaí ón Úcráin a theithfidh go dtí Ballstáit an Aontais – rud a chuirfidh na milliúin tomhaltóirí leis an margadh aonair.

2.3. Is cinnte go mbeidh impleachtaí móra ag an gcogadh san Úcráin don Aontas Eorpach, óir braitheann an tAontas go mór ar bhreoslaí iontaise agus amhábhair a allmhairítear ón Rúis agus ón Úcráin. Moltar infheistíocht a dhéanamh go práinneach inár gcuid saoráidí mianadóireachta féin agus inár saoráidí táirgthe féin chun cumhacht a tháirgeadh d'fhonn neamhspleáchas/ceannasacht a bhaint amach, ar cheann de phríomhaidhmeanna an Aontais é.

2.4. In 2021, is ón Rúis a bhí 100 % dá n-allmhairí gáis á n-allmhairiú ag tíortha áirithe san Eoraip, agus bhí roinnt tíortha a raibh 70 % dá n-allmhairí ola á n-allmhairiú acu ón Rúis. I mí Mheán Fómhair 2022, bhí deireadh curtha ag roinnt tíortha de chuid an Aontais (e.g. an Pholainn, an Bhulgáir agus na trí Stát Bhaltacha) le gás a allmhairiú ón Rúis agus bhí éirithe le roinnt mhaith tíortha san Aontas a n-allmhairí gáis nádúrtha ón Rúis a laghdú go suntasach trí allmhairí gáis nádúrtha ó thíortha eile a mhéadú, go príomha GNL trí chríochfoirt GNL. Dá bharr sin, tá méadú ollmhór tagtha ar phraghsanna gáis san Aontas, méadú nach bhfuil deireadh tagtha air go fóill. Ó mhí Iúil 2022, bhí na meánphraghsanna gáis san Aontas thart ar ocht n-uaire níos airde ná mar a bhí sna Stáit Aontaithe, rud a bhfuil dochar déanta aige d'iomaíochas an Aontais.

2.5. Dá réir sin is mó go mór an baol go mbeidh dífhostaíocht ollmhór san Eoraip. De réir EUROFER, tugann tionscal cruach an Aontais fostaíocht dhíreach do 330 000 duine ardoilte, agus tacaíonn sé go hindíreach le suas le 2,2 milliún post eile. Cuirtear fostaíocht ar fáil freisin do na céadta míle daoine, go díreach agus go hindíreach, i dtionscail an alúmanaim, na stroighne, an pháipéir, na gloine agus na gceimiceán. D'fhéadfaí na mílte post dea-íoctha a chruthú leis na saoráidí táirgthe le haghaidh táirgeadh fuinnimh laistigh den mhargadh aonair, agus cumhacht cheannaigh thomhaltóirí an Aontais a neartú dá réir.

2.6. A mhéid a bhaineann leis an tslándáil bia, féachfaidh tíortha na hEorpa go córasach le bheith níos neamhspleáiche ar sholáthar cruithneachta ón Úcráin agus ón Rúis. Ní mór dúinn féachaint ar fhóirdheontais leasacháin, talamh a chur i leataobh le haghaidh táirgeadh bia agus beatha agus úsáid a bhaint as dramhaíl agraibhia chun bithghás a tháirgeadh.

3. **Ullmhacht i gcomhair tubaistí** ([4])

3.1. Tá roinnt mhaith déanta ag an Aontas maidir le hullmhú d'éigeandálaí. Mar sin féin, léiríodh leis an gcogadh san Úcráin nach mór dó leanúint dá iarrachtaí agus dlús a chur lena iarrachtaí fiú sna réimsí seo a leanas:

— gearrthacha cumhachta (clistí cumhachta) de bharr teipeanna teicniúla, cibirionsaithe, etc. a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do na gnéithe seo a leanas:

  — córais chumarsáide;

  — córais sláintíochta, soláthar uisce agus cóireáil dramhuisce;

  — leanúnachas gnó an tionscail;

— pleananna maidir le ciondáil gháis agus leictreachais le haghaidh thomhaltóirí agus thionscail an Aontais. Tá méadú mór tagtha ar an mbaol sin ó thosaigh an cogadh san Úcráin;

— cur isteach ar an soláthar amhábhar de bharr briseadh síos sa slabhra táirgeachta nó sa chóras iompair (e.g. an tranglam tráchta i gcás 400 lastlong mhór i gcalafort Shang-hai i mí Aibreáin 2022, mar thoradh ar an dianghlasáil in Shang-hai de bharr COVID-19).

— cibirionsaithe nó cibirtheagmhais: cén chaoi a bhféadfadh an tAontas athléimneacht ghnó a thógáil agus leanúnachas gnó a áirithiú chun an soláthar a theastaíonn ó thomhaltóirí an Aontais a choimirciú?

— Ionsaithe eile: ní mór d'fhiontair a bheith in ann seasamh i gcoinne ionsaithe agus téarnamh uathu go tapa.

3.2. Is le linn éigeandálaí agus tubaistí a thuigtear a thábhachtaí atá 17 sprioc forbartha inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDGanna) ([5]). D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist leis na tubaistí sin: tubaistí nádúrtha ([6]), tubaistí ar tionóiscí tionsclaíocha nó teicneolaíocha iad (innealra de dhéantús an duine, tubaistí ABC), an chogaíocht agus tubaistí polaitiúla agus sibhialta ([7]), eipidéimí agus gortaí, agus tionchar tháirgeadh an bhia agus beatha ainmhithe.

4. **Eagraíochtaí tábhachtacha laistigh den Choimisiún Eorpach**

4.1. Is iomaí comhlacht inniúil agus speisialaithe atá san Aontas chun cuidiú leis an díospóireacht agus na hullmhúcháin maidir le "Ullmhacht i gcomhair éigeandála" a threorú. I measc na gcomhlachtaí sin tá:

— DG ECHO (an Ard-Stiúrthóireacht um Chabhair Dhaonnúil agus Cosaint Shibhialta) ([8]);

— ERCC (An Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha) ([9]);

— An Líonra Eolais Eorpach um Chosaint Shibhialta ([10]);

— An Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (UCPM) ([11]).

5. **Samplaí reatha d'éigeandálaí criticiúla a d'fhéadfadh a bheith i ndán do Bhallstáit an Aontais, go háirithe i réimse na saoráidí táirgthe fuinnimh**

5.1. Briseadh síos i slabhra soláthair an fhuinnimh iontaise (gual, ola, gás nádúrtha, úráiniam). In 2021, b'ionann breoslaí iontaise agus thart ar 80 % den fhuinneamh príomhúil uile a bhí in úsáid san Aontas, agus allmhairíodh an chuid ba mhó de.

5.2. Clistí cumhachta as a n-eascraíonn briseadh cumarsáide mar thoradh ar theipeanna teicniúla, an chibearchogaíocht nó ionsaithe sceimhlitheoireachta. Féadann an ghiniúint cumhachta ó fhoinsí inathnuaite a bheith treallach: ní bhíonn an ghaoth ag séideadh i gcónaí ná an ghrian ag taitneamh gach uair a bhfuil méideanna móra fuinnimh ag teastáil ón Aontas, agus, ar an ábhar sin, caithfidh méadú ar acmhainní stórála fuinnimh a bheith ag gabháil le haon mhéadú ar acmhainn ginte cumhachta gaoithe nó fótavoltachais laistigh den Aontas.

([4]) https://ec.europa.eu/echo/what/humanitarian-aid/disaster-preparedness_en
([5]) https://sdgs.un.org/goals
([6]) https://www.conserve-energy-future.com/10-worst-natural-disasters.php
([7]) https://www.samhsa.gov/find-help/disaster-distress-helpline/disaster-types/incidents-mass-violence
([8]) https://ec.europa.eu/echo/index_en
([9]) https://erccportal.jrc.ec.europa.eu/
([10]) https://civil-protection-knowledge-network.europa.eu/
([11]) https://ec.europa.eu/echo/what/civil-protection/eu-civil-protection-mechanism_en

5.3. A bheith in ann soláthairtí amhábhar criticiúil (copar, litiam, cóbalt, mianraí tearcithreacha, etc.) a áirithiú trí straiteisí nua sa mhargadh aonair AE i réimsí na mianadóireachta, na hathchúrsála, etc.

5.4. A bheith in ann margadh aonair iomaíoch a áirithiú le haghaidh soláthairtí de tháirgí leathchríochnaithe (e.g. tá géarghanntanas seolta sreang as an Úcráin ar an Aontas ó cuireadh tús leis an gcogadh san Úcráin).

5.5. Tá gá le líon ollmhór tuirbíní gaoithe chun na spriocanna dícharbónaithe maidir le táirgeadh leictreachais a bhaint amach, agus chun na tuirbíní sin a chur ar fáil, ba ghá an táirgeadh domhanda bliantúil copair a mhéadú faoi fhachtóir 14 (ó 25 mhilliún tona go 350 milliún tona), an táirgeadh domhanda bliantúil alúmanaim a mhéadú faoi fhachtóir 7,2, agus táirgeadh domhanda bliantúil na cruach speisialta atá ag teastáil chun tuirbíní gaoithe a chruthú a mhéadú faoi fhachtóir 3,9. Is sa tSín go príomha a tháirgtear painéil ghréine.

5.6. Tá géarghá le soláthairtí ollmhóra breosla iontaise go dtí go dtógfar méideanna imleora de shaoráidí táirgthe le haghaidh suiteálacha fuinnimh inathnuaite san Aontas.

6. **Freagairt**

6.1. I bhfianaise an mhéid fuinnimh a ídítear san Aontas Eorpach, tógfaidh sé thart ar fiche bliain air an t-aistriú glas a chur i gcrích. Moladh sa chruinniú den Chomhairle in Versailles go gcuirfí dlús leis an aistriú, rud a bheadh sách dúshlánach.

6.2. Ní le hairgead amháin a bhaineann an príomhscrogall atá ina bhac ar aistriú níos sciobtha, ach leis na hábhair a theastaíonn le haghaidh thart ar 700 000 mórthuirbín gaoithe 5 MW a bheidh ag teastáil ar fud an Aontais, agus na milliúin suiteálacha fótavoltacha agus saoráidí le haghaidh fuinneamh comhleá, cumhacht uisce agus stóráil fuinnimh. Beidh gá le saoráidí geoiteirmeacha agus saoráidí stórála le haghaidh hidrigine, amóinia agus CO_2 a thógáil freisin. Chun dáileadh a dhéanamh ar an méadú ollmhór ar an méid cumhachta leictrí díláraithe a ghinfear, beidh sé riachtanach cur leis na línte ardvoltais agus meánvoltais tarchuir cumhachta ar scála ábhalmhór.

6.3. Maidir le gach ceann den 700 000 mórthuirbín gaoithe 5 MW (a tháirgeann 12,5 GWh d'fhuinneamh leictreach sa bhliain de ghnáth), beidh siad thart ar 200 méadar ar airde, beidh thart ar 2 000 tona de choincréid atreisithe sa dúshraith, teastóidh thart ar 600 tona de chruach speisialta, 20 tona copair, agus soláthar mianraí tearcithreacha a bheidh le hallmhairiú ón tSín nó ón Rúis go príomha. Nuair a iolraítear na tonaí ábhar sin faoi thart ar 700 000, (an líon tuirbíní gaoithe a bheidh ag teastáil laistigh den Aontas), is léir go mbeidh méideanna ollmhóra coincréide, cruach, copair agus ábhar eile i gceist – agus méideanna ollmhóra breise CO_2 á n-astú fad a bheidís á dtáirgeadh. Is measa fós an ganntanas i gcás mianraí tearcithreacha (le haghaidh gineadóirí leictreachais agus cadhnraí), neoidimiam, diospróisiam, etc., agus ba ridheacair é a réiteach faoi 2050.

7. **Maolú**

7.1. Má leanann an Ghearmáin de bheith ag tógáil tuirbíní gaoithe ar ráta na bliana 2021, thógfadh sé 160 bliain chun na tuirbíní uile a thógáil a bheadh ag teastáil le haghaidh an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip.

7.2. Lena chur go hachomair, deir líon mór innealtóirí go mbeidh sé an-dúshlánach spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach faoi 2050, de dheasca ganntanas ábhar (mianraí tearcithreacha, copar, cruach etc.) agus ganntanas innealtóirí agus oibrithe oilte (e.g. leictreoirí), dhá ghné atá riachtanach don Chomhaontú Glas don Eoraip.

8. **Cosc**

8.1. Tá líon mór tionscal dianfhuinnimh le hathrú go hidrigin ghlas nó amóinia inathnuaite a tháirgtear trí chumhacht leictreach inathnuaite faoi 2050, lena n-áirítear an tionscal cruach, tionscal na gceimiceán agus an tionscal stroighne. Maidir le haistriú na dtionscal dianfhuinnimh uile sin, ní thuigeann roinnt mhaith daoine go mbeidh thart ar a dheich n-oiread níos mó cumhacht leictreach inathnuaite ag teastáil i gcomparáid leis an aistriú go dtí an leictrea-shoghluaisteacht agus dícharbónú an tionscail cruach.

8.2. Is ón táirgeadh iarainn agus cruach a thagann an ceathrú cuid de na hastaíochtaí CO_2 tionsclaíocha domhanda uile. Táirgeadh thart ar 1 870 milliún tona cruach ar fud an domhain in 2020; táirgeadh thart ar 57 % den chruach sin sa tSín, agus 7 % san Aontas. As an 1 870 milliún tonna cruach a tháirgtear ar domhan, déantar thart ar 1 300 milliún tonna (65 %) di le foirnéisí soinneáin comhtháite, trína ndéantar an t-amhiarann a laghdú le cóc, agus méid an-mhór astaíochtaí CO_2 a ghiniúint (thart ar 1,4 tonna CO_2 in aghaidh an tonna cruach).

8.3. Sna 27 mBallstát, déantar thart ar 150 milliún tonna cruach a tháirgeadh sa bhliain, agus thart ar 90 milliún tonna di trí bhíthin modhanna ina mbaintear leas as an bhfoirnéis soinneáin. Chun táirgeadh an 90 milliún tonna muciarainn sin (arna laghdú le cóc san fhoirnéis soinneáin) a aistriú go hiarann glas hidrigine inathnuaite, bheadh thart ar 360 TWh/bliain de leictreachas inathnuaite ag teastáil (faoi 2050). Méid millteanach mór fuinnimh inathnuaite é 360 TWh sa bhliain. Is mó é ná an méid leictreachais inathnuaite a theastódh chun na gluaisteáin paisinéirí uile san Aontas a leictriú. Beidh 30 000 mórthuirbín gaoithe ar a laghad ag teastáil chun an leictreachas inathnuaite sin a tháirgeadh le haghaidh thionscal cruach an Aontais.

8.4. San Aontas Eorpach, bhí an táirgeadh leictreachais thart ar 2 904 TWh in 2019, agus níor tháinig ach thart ar 35 % de sin ó fhoinsí inathnuaite. Mar sin féin, táirgeadh thart ar 38 % (1 112 TWh) ó bhreoslaí iontaise agus thart ar 26 % ó chumhacht núicléach (765 TWh). Níor táirgeadh ach 13 % ó chumhacht ghaoithe, 12 % ó stáisiúin hidrileictreacha, 4 % ó ghléasraí cumhachta gréine, 4 % ó bhithfhuinneamh agus 2 % ó sholáthairtí geoiteirmeacha. Tháinig formhór na giniúna leictreachais inathnuaite san Aontas Eorpach in 2019 (1 005 TWh) ó chumhacht ghaoithe (367 TWh, 42 % de na foinsí inathnuaite ar fad). Gineadh 39 % eile ó stáisiúin hidrileictreacha (345 TWh), 12 % ó ghléasraí cumhachta gréine (125 TWh) agus an 6 % eile ón mbithfhuinneamh (55 TWh).

8.5. Tá gá leis na stáisiúin taisce pumpála hidrileictreacha a leathnú chun an eangach a chobhsú i gcás cliseadh cumhachta.

8.6. Ba cheart tosaíocht níos mó a thabhairt don hidreachumhacht ar chlár oibre an bheartais fuinnimh agus aeráide. Ní mór stáisiúin hidrileictreacha a fhorbraítear go hinbhuanaithe a aithint mar fhoinsí inathnuaite fuinnimh. Ba cheart do rialtais hidreachumhacht ar mhórscála agus ar mhionscála a áireamh ina spriocanna imscartha fadtéarmacha, ina bpleananna fuinnimh agus ina scéimeanna dreasachta maidir leis an bhfuinneamh inathnuaite, ar an leibhéal céanna le foinsí inathnuaite inathraitheacha.

An Bhruiséil, an 26 Deireadh Fómhair 2022.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Christa SCHWENG

IARSCRÍBHINN

An téacs seo a leanas as an tuairim ón Rannóg, diúltaíodh dó agus cuireadh leasuithe a ghlac an tionól ina ionad, cé go raibh níos mó ná an ceathrú cuid de na vótaí a caitheadh i bhfabhar é a choinneáil:

"1.3. Measann CESE gur féidir ganntanais fuinnimh fhorleathana agus fhadtréimhseacha san Eoraip a chosc trí na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh:

— margadh aonair fuinnimh na hEorpa a neartú agus a fhorbairt;

— comhar agus comhordú a fheabhsú le comhpháirtithe a mbeadh an dearcadh céanna acu;

— beartas trádála uaillmhianach agus éagsúlú an tsoláthair a shaothrú;

— dul i ngleic le mímheaitseálacha lucht saothair;

— feabhsú cumarsáide agus múscailt feasachta;

— dlús a chur leis an nuálaíocht agus an digiteáil;

— rochtain ar airgeadas a éascú;

— infheistíochtaí imleora a áirithiú (chun an t-aistriú glas a éascú, etc.);

— a áirithiú go bhfuil na beartais réalaíoch. Mar shampla, i réimse an fhuinnimh agus na haeráide, ní mór athmheasúnú a dhéanamh ar an bpacáiste 'Oiriúnach do 55' chun cothromaíocht a aimsiú idir na cuspóirí le haghaidh 2030 agus 2050 a bhaint amach agus conair a aimsiú tríd an aistriú sin a bheidh indéanta go heacnamaíoch agus go sóisialta".

Toradh na vótála:

Ar son: 95

In aghaidh: 67

Staonadh: 25

"1.6. Laistigh den tacar beart atá le déanamh, molann CESE plean SET AE (An Plean Straitéiseach Eorpach um Theicneolaíocht Fuinnimh) agus plean REPowerEU a chur chun feidhme mar chuid den fhreagairt, chun an méid seo a leanas a bhaint amach:

— éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus an chiorclaíocht a chur chun cinn;

— an plean REPowerEU a chur chun feidhme chun deireadh a chur le spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise ón Rúis;

— na háiseanna stórála gáis agus na hoibríochtaí athlíonta comhordaithe a mhéadú; faireachán a dhéanamh ar mhargaí leictreachais agus iad a bharrfheabhsú; infheistíochtaí a dhíriú ar chórais fuinnimh agus an nascacht sa gharchomharsanacht a fheabhsú trí ACER (*), BEREC, ENTSO-G, ENTSO-E agus na pobail eolais agus nuálaíochta (PENanna) de chuid na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht maidir le fuinneamh InnoEnergy, amhábhair agus an mhonaraíocht.

(*) Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh."

Toradh na vótála:

Ar son: 104

In aghaidh: 61

Staonadh: 18

"1.10.1. Tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún pleananna a fhorbairt agus tabhairt faoi na bearta agus na gníomhaíochtaí comhordaithe seo a leanas ar bhonn uile-Aontais:

— dlús ollmhór a chur le soláthar bonneagair chriticiúil fuinnimh, i.e. simpliú agus sruthlíniú a dhéanamh ar rialacháin AE a chuireann moill ar bhonneagar criticiúil fuinnimh a sholáthar:

— Treoir Réime nua AE maidir le hUisce. Ní mór tús áite a thabhairt do sholáthar tapa fuinnimh;

— Ní mór rialachán nua AE maidir le slabhraí soláthair a shimpliú. Ba cheart díriú ar sholáthar inbhuanaithe amhábhar agus earraí criticiúla chuig an Aontas a áirithiú, agus an méid sin a chaibidliú i gcomhaontuithe déthaobhacha trádála;

— slabhraí táirgeachta agus córais iompair a neartú chun suaití a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo maidir le hinfhaighteacht amhábhar criticiúil le haghaidh gnólachtaí (tionscail agus trádála) de chuid an Aontais a fhritháireamh;

— an spleáchas ar ábhair chriticiúla agus táirgí réamhdhéanta allmhairithe a laghdú;

— díriú ar cheannasacht/neamhspleáchas teicneolaíochta an Aontais;

— bonneagar líonraí cumhachta trasteorann a fhorbairt (380 kV nó níos mó);

— a áirithiú go mbeidh claochladáin á dtáirgeadh chun an voltas leictreachais a athrú (ard/íseal, AC/DC);

— tús a chur an athuair leis na mílte tionscadal maidir le táirgeadh fuinnimh a cuireadh ar an méar fhada leis na blianta (hidreachumhacht, cumhacht gheoiteirmeach, hidreastóráil, etc.) mar go raibh droch-chóimheas aisíoca ag baint leo (de bharr gás saor ón Rúis), nó de bharr bacainní maorlathacha;

— teicneolaíochtaí saothraithe nua a thaiscéaladh. Tá roinnt réigiún laistigh den Aontas Eorpach a bhfuil taiscumair gáis nádúrtha shubstaintiúla acu a d'fhéadfaí a eastóscadh trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí saothraithe nua atá á bhforbairt le déanaí ag ollscoileanna Eorpacha. I bhfianaise sprioc an Aontais maidir le ceannasacht/neamhspleáchas fuinnimh, ba cheart don Aontas breathnú go cúramach ar na nuatheicneolaíochtaí sin agus na réigiúin a spreagadh chun triail a bhaint astu".

Toradh na vótála:

Ar son: 96

In aghaidh: 66

Staonadh: 30